



## >> COMHAIRLÍ SCOILE




Iarrann NICCY ar an rialtas comhairlí scoile a chruthú ar bhonn dleathach amhail rialtais Eorpacha eile le guth a chur ar fáil do dhaltaí scoile. Ní bheidh rath ar na Comhairlí scoile seo ach nuair a éistear le barúlacha na ndaltaí scoile agus nuair a roinntear go huile is go hiomlán an próiseas cinnteoireachta leo. Cuireann na prionsabail sin bun faoin Alt 12 UNCRC (ina dtugtar do na daltaí an ceart a bheith páirteach i gcinniúint ar bith a chuireann i bhfeidhm ar a saol) agus faoi fhealsúnacht an oideachais saoránachta.

Le fáil amach an bhfuil na daltaí lánpháirteach sa chóras comhairleach bheadh sé úsáideach scrúdú a dhéanamh ar an áit a bhfuil do scoil ar dhréimire chaidrimh na ndaltaí.

**4. Daltaí mar ghníomhaithe lánpháirteacha:** *Cuireann daltaí agus múinteoirí tús le fiosrú i ndlúthpháirtíocht le chéile; tá ról gníomhach ag daltaí i gcinnteoireacht; beartaíonn daltaí gníomh de réir díospóireachta i ndlúthpháirtíocht le múinteoirí agus scrúdaíonn siad cé chomh éifeachtach is a bhí na gníomhartha.*

**3. Daltaí mar thaighdeoirí:** *Tá daltaí lánpháirteach i bhfiosrú agus i gcinnteoireacht.*

**2. Ról gníomhach ag daltaí:** *Cé go bhfuil ról éigin ag daltaí i gcinnteoireacht cuireann na múinteoirí tús le fiosrú agus déanann siad anailís ar údair imní na ndaltaí.*

**1. Ag Éisteacht le Daltaí Scoile:** *Freagraíonn na múinteoirí moltaí na ndaltaí ach gan na daltaí a bheith páirteach sna díospóireachtaí b'fhéidir nach mbeidh aiseolas le fáil ó na daltaí.*

**0. Níl na daltaí páirteach**


*Tuairim ó 'Communicating…' (2001) ESRC*

**Comhairle Scoile a chur ar bun**

Is féidir ranganna a spreagadh le cruinnithe gairide seachtainiúla a shocrú le linn am scoile nó PSHE leis na húdair imní a ardú. Is féidir le daltaí teacht chun tosaigh mar oibrithe deonacha nó is féidir vótaí a chaitheamh le hionadaí a roghnú leis na fadhbanna a ardú ag cruinniú na comhairle scoile. De réir líon na scoile ba chóir d'ionadaí ranga nó na haoisbhliana fadhbanna, agus más féidir moltaí le theacht ar réiteach, a bhreacadh síos, chun iad a chur faoi bhráid na comhairle scoile. Ní amháin go gcuireann an próiseas ardán ar fáil ag na daltaí ó thaobh údar imní de ach chuirfeadh sé go mór le féinmhuinín is féinmheas na ndaltaí, lena mbua éisteachta, lena scileanna le fadhb a réiteach, chomh maith is deis a chur ar fáil do na daltaí a bheith freagrach agus cumasach os comhair an phobail. Tabharfaidh comhairle scoile éifeachtach seans do na daltaí a bheith rannpháirteach i ndéantús bpdasaithe agus a bheith freagrach aisti agus mar sin, cuirfeadh sé go mór le meanma na scoile.




# >> COMHAIRLÍ SCOILE




**Fráma tagartha na Comhairle Scoile**
Molann an NSPCC gur chóir do na comhairlí scoile:

- bunreacht a bheith acu lena ról agus a eidhm a léiriú
- Tacaíocht ó thromlach na múinteoirí a bheith acu
- deiseanna a chur ar fáil do na daltaí a gcuid tuairimí a chur in iúl
- aiseolas a chur ar fáil do na daltaí ar chinniúintí
- buiséad ar leith a bheith ar fáil agus deiseanna a chur ar fáil le hairgead a bhailiú
- ceangail a chothú idir tuismitheoirí agus údaráis na scoile
- clár ama forleathan a chruthú ina gcuirtear in iúl údair imní na bpáistí agus na múinteoirí araon
- oiliúint iomchuí a chur ar fáil do dhaltaí is do mhúinteoirí

**Ról na Comhairle Scoile i bhfeachtais fhrithmhaistíneachta**
Is féidir leis an chomhairle scoile sraith imeachtaí a eagrú le ról na scoile i bhfeachtais éagsúla fhrithmhaistíneachta a chur in iúl, le linn seachtain na frithmhaistíneachta. B'fhéidir go mbeadh sé ar intinn ag an scoil imeachtaí speisialta a chur ar bun le 'hAoine ghorm' a cheiliúradh, mar shampla:

• cead a thabhairt do na daltaí éadaí gorma a chaitheamh in áit a gcuid oidí scoile
• Slabhra daonna de dhaltaí is d'fhoireann scoile a chur thart faoin scoil agus cuireadh a thabhairt de na hiriseoirí áitiúla alt a scríobh ar an tionscnamh
• bandaí gorma chaol na láimhe in aghaidh maistíneachta déanta as ólann daite agus cárta lannacha ar a bhfuil teachtaireachtaí frithmhaistíneachta á gcaitheamh (tuairim ó Christchurch CE Primary School, Chelsea)

Is féidir daltaí a spreagadh chun cur i láthair a dhéanamh ar cé chomh éifeachtach is a bhí an dúnghaois ina raibh siad lánpháirteach le himeachtaí frithmhaistíneachta a laghdú. Is féidir leis an chomhairle scoile a bheith chun tosaigh le taighde a dhéanamh ar bharúlacha na ndaltaí ar an bhealach is fearr le himeachtaí maistíneachta a thaifeadadh, mar shampla ar dhialann nó ar chárta tuairisce. Is féidir leo feachtais fhógraíochta a eagrú leis ina bhfuil cur síos ar cá háit agus cén uair artharla na himeachtai agus cé a bhí i láthair le go dtig leo taifead ceart a thabhairt ar cad e tharla agus cé dó ar tharla sé.

**Eolas Breise**

>> Ta eolas breise le comhairle scoile a chur ar bun ar fáil ar ghréasán na gComhairlí Scoile ag www.schoolcouncils.org nó ar www.nspcc.org.uk

>> Ta beartanna acmhainní déan féin é le haghaidh Bunscoileanna is Meánscoileanna ar fáil ó www.schoolcouncils.org. Gheofar ann níos mó eolais ar rudaí éagsúla mar shampla, toghcháin a reáchtáil agus ionadaithe ranga a oiliúint.

>> Cuirfidh NICCY treoir ar fáil le tacaíocht a thabhairt do na scoileanna le comhairle scoile a bhunú is a chothú. Tá an treoir seo in ainm is a chur i gcló Feabhra 2007 ar suíomh gréasáin NICCY .i. www.niccy.org

NICCY
northern ireland commissioner
for children and young people